

# **An chaint a dhein Louis Ó Maolchatha agus é ag seoladh na Féile, 2019**

*(téacs mar a craoladh)*

Táim ana-shásta bheith anseo inniu chun an Fhéile Bheag Filíochta a cheiliúradh libh, féile atá ar an bhfód le -- an rud a bhí agam anso ná dosaen bliain anois, ach fuair é sin ón Idirlíon inniu nó inné, ach deireann siad anois liom go bhfuil sé ar an bhfód le ceithre bliana déag.

Is cuimhin liom go maith an chéad teacht le cheile a bhí againn, daoine a tháinig ón dTeach Bán i gCathair Luimní, agus bhí timpeall ar dosaen duine ann. Bhí comhthionól filí ag bualadh le chéile go rialta sa Teach Bán ó 1954. Timpeall an ama san, bhog ár ndomhan ó Loch Garman go Luimneach, agus ag deireadh na gCaogaidí, tús na Seascaidí, bhíos páirteach sna drámaí a bhíodh ar siúl sa chathair san.

Bhí meascán idir lucht na hamharclainne agus an cumann filíochta ann, agus is minic i ndiaidh cleachtadh dráma a fuair cuireadh dul go dtí an Teach Bán, ach dhiúltaíos i gcónaí mar bhí náire orm roimis na filí. Cheapas nach mbeinn cumasach a dhóthain dóibh, agus bhíodar chomh léannta agus mise gan aon tsuim agam in aon rud nach raibh ag caitheamh gúna.

Ach 45 bliain ina dhiaidh san, i 2005, nuair a thosnaíos féin ar cheird na filíochta, bheartaíos freastal ar an Teach Bán chun mo shaothar a thriail ar dhaoine go raibh fios a gcúram acu. Ní raibh sé ró-fhada sara dtáinig fonn orm saibhreas Chorca Dhuibhne a thaispeáint dóibh siúd. Chomh fada is is cuimhin liom chuas ag caint le mo chairde agus saineolaithe, Máirín Feirtéir agus Bríd Ní Mhóráin ar dtús.

Chuireamar clár simplí le chéile don deireadh seachtaine. D'imigh an dá lá go hiontach, agus bheartaíomar leanúint leis mar fhéile bhliantúil agus bhaisteamar "An Fhéile Bheag Filíochta" air.

Chuir sin, bhunaíomar coiste stiúrtha. Bhí Máirín agus Bríd ann; bhí Domhnall Mac a' tSíthigh, Ceatí Ní Bheildiúin, mé féin, agus go neamh-oifigiúil an Monsignor. Padraig Ó Fiannachta.

Bhí páirt mhór ag an Monsignor sa bhFéile, agus ceann des na himeachtaí ab fhearr a bhí ann i gcónaí ná an teacht le chéile ar maidin Dé Domhnaigh sa Díseart.

Scaip na daoine a tháinig chugainn an focal mar gheall ar chomh neamh-ghnách a bhí an Fhéile ag an am san, agus toisc san, de réir a chéile, thosnaigh filí ó chathair Chorcaí agus grúpaí ó áiteanna cosúil le Mainistir Fhear Mai, Lios Tuathail, Trá Lí agus Cill Orglain ag teacht chugainn.

Sa dá bhliain deireanach sarar éiríos as thosnaigh mic léinn ó Ollscoileanna Luimní agus Chorcaí ag teacht. Tar éis sé na seacht de bhlianta agus an Fheile fós ag fás, thuigeas go raibh sé in am dom éirí as chun aire a thabhairt do mo ghnó féin agus chun seans a thabhairt do dhaoine níos óige dul i bhfeidhm air, rud a tharla, agus tá cúrsaí ag imeacht go maith fós, le de réir dealraimh níos mó mac léinn ag freastal air.

An rud is fearr mar gheall ar lucht na filíochta ná go bhfuilid i gcónaí suimiúil, spreagúil agus fial lena gcuid eolais. Ó thaobh féilte de, ní hiad na filí amháin a bhaineann taitneamh agus toradh as, ach muintir na háite chomh maith.

Is leid anocht nach bhfuil ró-shoiléir do gach éinne ach atá tuigte go maith ag daoine atá ag déanamh a slí bheatha as lóistín agus bia gan bheith ag caint ar an gcomhluadar bríomhar sna tithe

tábhairne ag an am is leadránaí den bhliain. Chuige sin, b'fhéidir go bhfuil sé in am imeacht timpeall go dtí na cumainn fhilíochta arís chun a thuilleadh daoine níos ilghnéithí a mhealladh chugainn chomh maith leis an dream óg.

Traoslaím leis an gcoiste atá i bhfeidhm anois, tá sár-obair ar siúl acu agus tá súil agam go leanóidh an obair san síos trí na blianta amach romhainn, mar tá gá leis na filí chun an saol a shaibhriú ag aon am den bhliain, ach go mór-mhór an taca seo den bhliain.

Táim ag súil go mór leis na haíonna móra atá tagaithe i mbliana a chlos chomh maith lenár sár-fhilí agus ceoltóirí áitiúla.

Sara gcríochnóidh mé, tá cúpla scéal gur mhaith liom insint daoibh. Ag deireadh na gcaogaidí nó tús na seascaidí, tháinig Robert Frost go dtí an White House i Luimneach, agus bhíodar ag ullmhú dó nuair a thugadar faoi ndeara go raibh pictiúr de Ezra Pound ar an bhfalla taobh thiar den lectern ag a raibh Frost le bheith ag caint is ag reacaireacht. Bhí aighneas idir an bheirt fhilí móra le fada an lá. Bhain an coiste an pictiúr de Pound anuas agus chuireadar pictiúr de Frost ina áit. Réitigh sé sin an fhadhb agus d'imigh gach aon rud i gceart leis an gcuairt go dtí an tseachtain dar gcionn nuair a tháinig an scéala amach ar an Limerick Leader fén gceannlíne mór dubh "Pound Devalued By White House".

Tá tuairim agam gur cara liom ón am san, Séamus Ó Cinnéide, a scrígh an t-alt san. Fear éirimiúil léannta litríochta uasal ab ea Séamus. Oíche amháin bhí sé féin agus roinnt eile againn bailithe le chéile sa tábhairne Shakespeare ag caint mar gheall ar tigh Plassey ar bhruach na n-easanna ar an Sionainn a glaotar Plassey Falls orthu. Tá an tigh ann fós i measc na bhfoirgneamh ina bhfuil Ollscoil Luimní lonnaithe. Ag an am san, bhí an tigh titithe ina shean-fhothrach. Bheartaigh Séamus [agus] mé féin dul ann i ndiaidh an tábhairne chun go míneodh sé dearadh agus déantús an tí dom ar an láthair.

Thosnaíomar amach ar mo shean-ghluaisrothar. Bhíos beagán míchompordach mar bhí suíochán an rothair chomh beag san go raibh ar Shéamus suí ró-ghairid dom lena lapaí timpeall orm. Tar éis uair a chloig de léacht ó Shéamus bheartaíomar go raibh sé in am imeacht abhaile. Shuíos in airde ar an rothar arís le Seamus taobh thiar díom, agus thrialas an kickstarter. Níor thosnaigh an t-inneall, agus ní rabhas in ann cic ceart a thabhairt dó mar bhí Séamus ró-chóngarach dom arís. D'fhiafraíos de teacht anuas den rothar agus cic maith a thabhairt dó chun é a thosnú. Is ansan a thuigeas fiúntas an léinn, an t-eolas agus na leabhair ar fad. Thóg Seamus ar m'fhocal mé. Tharraing sé a chos siar agus thug sé lasc millteach don rothar, díreach isteach san uimhir-chlár, agus chuir sé thar mo cheann amach sa dorchadas é. Ní raibh aon ghá a thuilleadh bheith náireach roimis fhilí Luimní.

Tá na mílte scéal ann mar gheall ar na carachtaeirí a bhíodh ag teacht chuig an Fhéile Bheag, ach tá a dhóthain de bhur bhfoighne triallta agam. Traoslaím uair amháin eile le Simon agus an coiste, agus fógraím go hoifigiúil go bhfuil an Fhéile Bheag Filíochta uimhir a Dó-dhéag nó a Ceathair-déag seolta.